

**Athbhreithniú ar Cháin agus ar Dhliteanas ÁSPC**  
**i leith Íocaíochtaí Shochar Máithreachais, Uchtaíoch agus Breoiteachta/Díobhála**  
**ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA)**  
**leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta**  
**i leith Foireann a íocadh dóibh faoi na hUimhreacha Cláraithe Fostóra seo a**  
**leanas**  
**(mar a léirítear ar do P60)**

Múinteoirí Bunscoile	4000099H
Múinteoirí Iarbhunscoile	0081300S
Foireann Neamhtheagaisc (Cúntóirí Riachtanais Speisialta, Oifig Chléireachais, Oibríthe Cúraim Leanáí	9,599,516K

**Roinn 1 - Athbhreithniú Cánach**

**Roinn 2 – Athbhreithniú ÁSPC**

**ROINN 1 - ATHBHREITHNIÚ CÁNACH**

**Cé a d’fhéadfadh a bheith i dteideal aisíoc cánach tar éis athbhreithnithe cánach?**

Féadfaidh tú athbhreithniú ar do dhliteanas cánach a iarraidh mura bhfuil sé sin déanta agat fós trí theagmháil a dhéanamh le d’Oifig Chánach Áitiúil má d’íoc an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go díreach tú

agus

má bhí tú as láthair ar Shaoire Mháithreachais, Uchtaíoch nó Bhreoiteachta ó 1 Eanáir 2003 go dtí seo

agus

má íocadh ÁSPC aicme “A” leat ag an tráth a raibh tú as láthair (má chuaigh tú ag obair i ndiaidh Aibreán 1995)

agus

má lean tú ar aghaidh ag fáil tuarastal iomlán agus tú as láthair

agus

má fuair tú Sochair Leasa Shóisialaigh i leith na neamhláithreachta iníoctha leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

**Cad iad na tréimhsí a clúdaíodh?**

1 Eanáir 2003 go dtí seo.

Le go ndéanfar athbhreithniú ar do dhliteanas cánach do na blianta cánach 2003 agus 2004 caithfidh d'ainm a bheith ar liosta a sholáthair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta do na Coimisinéirí Ioncaim – soláthraíodh liostaí de réir na bliana (2003 go 2007) agus de réir na hearnála (Múinteoirí Bunscoile, Múinteoirí Deonacha, Múinteoirí Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha agus Foireann Neamh-theagaisc). Mura bhfuil, tá athbhreithnithe teoranta, faoi fhorálacha Ailt 865 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, don tréimhse ceithre bliana roimh an bhliain chánach reatha. Áiríonn na liostaí sonraí na mball foirne ar taifeadadh a neamhláithreachtaí máithreachais nó breoiteachta ar bhunachar sonraí phárolla na Roinne do na blianta cánach 2003 go 2007, agus féadann d'oifig chánach áitiúil a dheimhniú an bhfuil tú ar liosta. Más rud é gur tharla cuid de do neamhláithreacht i mbliain chánach amháin agus an chuid eile de i mbliain chánach eile, e.g. thosaigh do shaoire mháithreachais i Meán Fómhair 2004 agus d'fhill tú ar obair i 2005, is ceart duit sin a chur in iúl d'fhoireann na hOifige Cánach, mar go bhféadfadh do shonraí a bheith ar liosta 2005, agus/nó más rud é gur athraigh tú ó fhostaíocht mar mhúinteoir go dtí fostaíocht mar Chúntóir Riachtanas Speisialta, nó a mhalairt go cruinn, idir 2003 agus 2007 is ceart sin a chur in iúl dóibh chomh maith. Déantar é seo chun cabhrú leis an Oifig Chánach thú a aimsiú ar na liostaí éagsúla a choimeádann siad. Ní gá go mbeadh d'ainm ar an liosta i gcomhair éileamh laistigh de theorainneacha ceithre bliana na gCoimisinéirí Ioncaim.

### **Cén áit ar féidir liom deimhniúchán ar mo neamhláithreachtaí a fháil?**

Caithfidh do scoil sonraí ar do neamhláithreachtaí agus na cúiseanna a raibh tú as láthair a sholáthar duit i.e. Máithreachas/Uchtaíoch agus Breoiteacht.

### **Cá ndéanfaidh mé iarratas d'Athbhreithniú Cánach?**

Ag d'oifig chánach áitiúil – is féidir sonraí teagmhála a fháil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

### **Cad a chaithfidh mé a thabhairt do m'oifig chánach áitiúil?**

1. d'uimhir PPS

2. ráiteas ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a leagann amach méid na n-íocaíochtaí sochair Máithreachais, Uchtaíoch agus Breoiteachta a íocadh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta:- téigh i dteagmháil le 1890 690 690 chun ráiteas Sochair Máithreachais (MB21) a fháil agus 01 7043000 chun ráiteas Sochair Breoiteachta (DB134) a fháil

3. do P60 don bhliain(blianta) a bhfuil tú ag lorg athbhreithnithe dó.

4. dearbhú uait ag deimhniú gur íoc an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh na sochair i leith na neamhláithreachta atá faoi athbhreithniú díreach chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

## **An féidir athbhreithniú a dhéanamh ar mo dhliteanas cánach do na blianta 2003 agus 2004 mura bhfuil m'ainm ar an liosta atá ag na Coimisinéirí Ioncaim?**

Ní féidir, is comhaltaí foirne atá ar an liosta amháin atá i dteideal aisíoc cánach tar éis athbhreithnithe cánach ar a ndliteanas cánach. Thairis sin, faoi fhorálacha Alt 865 d'Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá athbhreithnithe teoranta don tréimhse ceithre bliana roimh an bhliain cánach reatha. **Is ábhar do d'oifig chánach áitiúil iad na fiosruithe ábhartha ar fad.**

## **An féidir liom achomharc a dhéanamh ar chinneadh m'Oifig Chánach áitiúil mura bhfaighidh mé aisíoc?**

Is ábhar é sin do na Coimisinéirí Ioncaim.

## **Cad ar chóir dom a dhéanamh má fuair mé íocaíochtaí sochair máithreachais, uchtaíoch agus/nó íocaíochtaí sochair breoiteachta go díreach agus mé fós ar thuarastal iomlán leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta?**

Ba chóir duit sonraí nó ráiteas ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a leagann amach dátaí do neamhláithreachta, an cineál neamhláithreachta agus an méid íocaíochtaí sochair máithreachais, uchtaíoch nó míchumais a fuair tú agus tú ar thuarastal a sheoladh ar aghaidh chuig do réimse párolla sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar do thuarastal don tréimhse atá i gceist. I ndiaidh athbhreithnithe ar do thuarastal féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar do dhliteanas cánach chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

## **ROINN 2 – ATHBHREITHNIÚ ÁSPC**

### **Cé a d'fhéadfadh a bheith i dteideal aisíoc ÁSPC?**

Féadfaidh tú athbhreithniú ar do dhliteanas ÁSPC a iarraidh mura bhfuil sé sin déanta agat fós trí theagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Aisíoca ÁSPC den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (sonraí teagmhála thíos) má d'íoc an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go díreach tú

agus

má bhí tú as láthair ar Shaoire Mháithreachais, Uchtaíoch nó Bhreoiteachta ag am ar bith

agus

má íocadh ÁSPC aicme "A" leat ag an tráth a raibh tú as láthair (má chuaigh tú ag obair i ndiaidh Aibreán 1995)

agus

má lean tú ar aghaidh ag fáil tuarastal iomlán agus tú as láthair

agus

má fuair tú Sochair Leasa Shóisialaigh i leith na neamhláithreachta infóicta leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

### **Cad iad na tréimhsí a clúdaíodh?**

Níl aon teorainn ama ann i leith aisíocaíochtaí ÁSPC agus féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar aisíoc ÁSPC má bhí tú as láthair ar Shaoire Mháithreachais, Uchtaíoch nó Bhreiteachta ag am ar bith agus má chomhlíonann tú na critéir atá leagtha amach thuas.

### **Cén áit ar féidir liom deimhniúchán ar mo neamhláithreachtaí ón scoil a fháil?**

Caithfidh do scoil sonraí ar do neamhláithreachtaí agus na cúiseanna a raibh tú as láthair a sholáthar duit i.e. Máithreachas/Uchtaíoch agus Breiteacht.

### **Cá ndéanfaidh mé iarratas d'Athbhreithniú Cánach?**

Rannóg Aisíoca ÁSPC,  
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh,  
Teach Oisín,  
212-213 Sráid an Phiarsaigh,  
Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 6732586

Faics:(01) 6732460

### **Cad a chaithfidh mé a thabhairt le m'iarratas?**

1. d'uimhir PPS
2. do P60 don bhliain(blianta) a bhfuil tú ag lorg athbhreithnithe dó.
3. dearbhú uait ag deimhniú

(a) an cineál neamhláithreachta

(b) dátaí do neamhláithreacht (ar fáil ó do scoil) agus,

(c) gur íoc an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh na sochair atá faoi réir ag an athbhreithniú chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

### **An gcaithfidh mé foirm ÁSPC REF1 a chur isteach le m'iarratas?**

Ní chaithfidh tú má tá tú ag déanamh éilimh ar fhostaíocht agus tú ar phárolla láraithe na Roinne mar mhúinteoir, cúntóir riachtanais speisialta, oifigeach cléireachais, oibrí

cúram leanaí nó airíoch i.e. faoi na huimhreacha cláraithe fostóra atá le feiceáil ag barr na cáipéise seo.

**An féidir liom achomharc a dhéanamh ar chinneadh mura bhfaighidh mé aisíoc?**

Is ábhar é sin don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

**Cad ar chóir dom a dhéanamh má fuair mé íocaíochtaí sochair máithreachais, uchtaíoch agus/nó íocaíochtaí sochair breoiteachta go díreach agus mé fós ar thuarastal iomlán leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta?**

Ba chóir duit sonraí nó ráiteas ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a leagann amach dátaí do neamhláithreachta, an cineál neamhláithreachta agus an méid íocaíochtaí sochair máithreachais, uchtaíoch nó míchumais a fuair tú agus tú ar thuarastal a sheoladh ar aghaidh chuig do réimse párolla sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar do thuarastal don tréimhse atá i gceist. I ndiaidh athbhreithnithe ar do thuarastal féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar do dhliteanas ÁSPC chuig an Rannóg Aisíoca ÁSPC.

An Rannán Párolla

Deireadh Fómhair 2009